# Bainisteoir Taighde & Léargais Lucht Féachana

## Conradh Cuspóra Sheasta (Clúdach Saoire Máithreachais)

Is mian le TG4 Bainisteoir Taighde & Léargais Lucht Féachana, a bheidh lonnaithe sa Cheannáras i nGaeltacht na Gaillimhe, a earcú chun tréimhse saoire máithreachais a chlúdach. Is ról lárnach é seo san obair a dhéanann TG4. Ag freagairt don Stiúrthóir Margaíochta, Forbartha & Comhpháirtíochtaí, beidh an té a cheapfar freagrach as anailís a dhéanamh ar an lucht féachana agus as anailís mhionchruinn agus léargais a chur, mionanailís agus léargas a chur faoi bhráid lucht bainistíochta TG4 agus earnáil neamhspleách na meán. Beidh an té a cheapfar ag comhoibriú go dlúth le rannóg na gCoimisiún, leis an rannóg Margaíochta, leis an rannóg Teicneolaíochta agus le páirtithe leasmhara seachtracha.

Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó ar duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

**An Ról**

Is iomaí bealach a thagann an lucht féachana ar ábhar TG4, ar an teilifís, ar líne ar an Seinnteoir, ar na meáin shóisialta agus ar ardáin eile.

Beidh an té a cheapfar freagrach as an taighde a dhéantar ar lucht féachana TG4 agus as léargas a chur faoi bhráid na foirne eagarthóireachta agus bainistíochta maidir le lucht féachana trasardáin TG4. Beidh cúram ar an té sin forbairt agus bainistiú a dhéanamh ar an eolas a bhaileofar faoin lucht féachana ó fhoinsí éagsúla agus an t-eolas sin a dhíriú ar ghnéithe a chuideoidh le cinntí eagarthóireachta a dhéanamh.

**I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, gan bheith teoranta dóibh, beidh:**

- Taighde Lucht Féachana TG4 a bhainistiú agus a fhorbairt.
- Anailís a dhéanamh, tuairiscí a ullmhú agus aiseolas a thabhairt maidir le lucht féachana TG4.
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann TG4 ar ghrúpaí oibre TAM Ireland.
- Togra Fios Físe a bhainistiú agus é á aistriú chuig soláthraí taighde nua.
- Tograí taighde TG4 a bhainistiú, suirbhéanna a fhorbairt agus anailís a dhéanamh orthu.
- Deais eolais úsáideach a dhearadh agus a thógáil i gcomhar leis an bhfoireann taighde lucht féachana.
- Tuairiscí agus aiseolas a ullmhú do pháirtithe leasmhara.
- Cur i láthair faoin lucht féachana a dhéanamh os comhair fhoireann agus Bhord TG4 ar bhonn míosúil.
- Spriocanna bliantúla a shocrú maidir leis an lucht féachana agus APSCanna agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Aon fhreagrachtaí réasúnta eile a mheasann an Stiúrthóir bunaithe ar riachtanais an ghnó.

***Tabhair ar aird:*** *Is treoir atá sa sainchuntas poist seo maidir le réimsí éagsúla freagrachta agus cuntasachta agus níor cheart breathnú air mar liosta cuimsitheach. D'fhéadfadh an sainchuntas poist*

*a bheith faoi réir athbhreithnithe i bhfianaise struchtúir nua agus/nó athrú a bheith ag teacht ar riachtanais TG4.*

Bíonn tionscal na meán ag síorathrú. Glacann TG4 go fonnmhar leis na hathruithe seo agus athróidh an comhlacht agus dualgais na foirne dá réir.

**Nithe atá riachtanach don phost seo:**

- A bheith tiomanta d'Fhís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.
- Tuiscint ghrinn ar lucht féachana TG4.
- Taithí ar bhogearraí a úsáidtear chun anailís a dhéanamh.
- A bheith ábalta tuairisciú a dhéanamh ar bhealach a thugann léargas do pháirtithe leasmhara.
- A bheith ábalta mionanailís agus léargas a thabhairt mar chuid de thuairiscí corparáideacha.
- Taithí mhaith ar chúrsaí riaracháin agus ríomhaireachta (ard-tuiscint ar chórais amhail Excel, MS Office, Power BI, bogearraí anailíse Nielsen agus a bheith ábalta córais nua a fhoghlaim go tapa).
- A bheith ábalta dea-chaidreamh a chothú le comhghleacaithe agus le páirtithe seachtracha
- A bheith ábalta feidhmiú go muiníneach agus go héifeachtach as do stuaim féin i dtimpeallacht spreagúil.
- A bheith ábalta spriocanna oibre a chomhlíonadh agus a chinntiú go mbeidh ábhar ardchaighdeáin réidh agus ar fáil in am.
- Fócas dearfach, cumas maith foirne agus taithí chruthaithe ar thograí a bhainistiú agus a fhorbairt.
- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.

I gCeannáras TG4 i nGaeltacht na Gaillimhe a bheidh an post seo lonnaithe. Tá polasaí solúbtha oibre i bhfeidhm i TG4.

**4pm Dé hAoine an 2 Deireadh Fómhair 2026** an spriocdháta d'iarratais. Seol do CV mar aon le litir iarratais chuig **cv@tg4.ie.**

**<u>Eolas Breise don Iarratasóir</u>**

**Grád an Phoist:**

Grád 3

**Uaireanta Oibre:**

39 uair sa tseachtain. Mar gheall ar riachtanais an phoist, táthar ag súil go mbeifí solúbtha ó am go ham, lena n-áirítear a bheith sásta oibriú nuair is gá lasmuigh d'uaireanta oifige, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

**Laethanta Saoire:**

Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**

Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:**

Beidh taisteal i gceist ó am go chéile mar chuid den ról, in Éirinn agus thar lear.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • **Deiseanna Oiliúna agus Forbartha**<br>• **Saoire Staidéir agus Scrúduithe** | • **Táillí Ballraíochta Gairmiúla**<br>• **Pinsean Ranníocach**<br>• **An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe**<br>• **An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre** |